



Dáta: 17/06/2020

Ciorclán Uimhir: 0041/2020

**Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc in
Iar-Bhunscoileanna**

**Chuig: Comhordaitheoirí agus Foirne Teagaisc in
Aonaid Oideachais**

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna

**SOCRUITHE MAIDIR LE CIGIREACTH AGUS
FÉINMHEASTÓIREACTH SCOILE DON SCOILBHLIAIN 2020/2021**

Achoimre

Tá sé mar aidhm ag an gciorclán seo:

- na hathruithe atá déanta ar shocruithe don bhféinmheastóireacht scoile agus don chigireacht scoile a leagan amach, socruithe a aithníonn na dúshlán mhóra a bheidh ag múinteoirí, ag príomhoidí scoileanna, ag comhordaitheoirí sna haonaid oideachais, ag boird bainistíochta, ag tuismitheoirí agus ag comhthionóil a bhfuil scoileanna agus aonaid oideachais ag freastal orthu i rith na scoilbhliana 2020/21
- tréaniarrachtaí mhúinteoirí, chinnirí scoile, chomhordaitheoirí sna haonaid oideachais agus bhoird bainistíochta a aithint agus iad ag tabhairt tacaíochta do scoláirí ag baile le linn tréimhse dúnta na scoileanna in 2020
- soiléiriú a dhéanamh ar na socruithe atá déanta don bhféinmheastóireacht scoile (FMS) don bhliain 2020/2021 agus a chur in iúl do scoileanna agus aonaid oideachais nach mbeidh aon éileamh breise ann maidir leis an FMS i rith na tréimhse seo
- scoileanna agus aonaid oideachais a spreagadh chun leas a bhaint as an FMS le haghaidh pleanála agus aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann le hathoscailt na scoileanna agus na n-aonad oideachais don scoilbhliain 2020/21 agus/nó obair ar an FMS a bhí leagtha amach do Mhárta-Meitheamh 2020 a chríochnú

- eolas a thabhairt ar obair threorach, thaighde agus mheastóireacht na Cigireachta sna scoileanna agus sna haonaid oideachais sa scoilbhliain 2020/21
- áit Ciorclán 0040/2016 *Cur i bhFeidhm Leanúnach Féinmheastóireacht Scoile 2016-2020* a thógáil.

1. Comhthéacs an chiorcláin seo

I mí na Márta 2020, dhún an rialtas na scoileanna agus aonaid oideachais go léir ar mhaithe le sláinte an phobail de dheasca scaipeadh Cóivid-19 (An Coróinvíreas). Nuair a dúnadh na scoileanna agus na haonaid oideachais, d'iarr an Roinn ar mhúinteoirí agus ar chinnirí scoile socruithe a dhéanamh chun leanúnachas foghlama agus scolaíochta a sholáthar dá scoláirí.

Admhaíonn an Roinn gur chuir dúnadh na scoileanna agus na n-aonad oideachais tús le tréimhse dhúshlánach do chinnirí scoile agus ionaid agus do mhúinteoirí, agus iad ag obair chun tacaíocht a thabhairt d'fholláine agus d'fhoghlaim dhaoine óga, d'fholláine mhúinteoirí agus d'fhoirne scoileanna agus aonad, agus chun cuir chuige don teagasc agus don bhfoghlaim a athrú. Aithníonn an Roinn chomh maith, na saindúshláin atá ag scolairí gan dídean, scoláirí imeallacha, foghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais, agus scoláirí atá ag ullmhú do na scrúduithe teastais agus cuireann an Roinn san áireamh freisin, na teaglaigh sin atá ag maireachtáil faoi strus agus éideimhne. Le linn na tréimhse seo, d'éirigh le scoileanna, le haonaid agus le múinteoirí áirithe iarrachtaí tábhachtacha a dhéanamh chun tacú le scolairí ag baile, agus bhí idir dhúshláin agus thairbhe ag baint lena gcuid oibre i rith an ama éagoitianta seo.

Nuair a athosclófar na scoileanna agus na haonaid oideachais faoi chomhairle na seirbhíse sláinte poiblí, tiocfaidh tuilleadh dúshlán chun tosaigh, gan dabht, thar raon leathan réimsí - eagrú ghnáthchlár laethúil na scoileanna agus na n-aonad agus folláine dhaltaí agus mhúinteoirí san áireamh.

2. Féinmheastóireacht scoile sa scoilbhliain 2020/21

De réir Ciorclán 0040/2016 bhí an dara sraith den bhféinmheastóireacht scoile (FMS) le bheith ar siúl ó Mheán Fómhair 2016 go dtí Meitheamh 2020 agus an triú sraith le tosú Meán Fómhair 2020. Admhaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil seans ann nach raibh scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí, comhordaitheoirí agus boird bainistíochta ábalta dul i ngleic leis an FMS le linn na tréimhse seo. Dá bharr seo, tá sé socraithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna leanúint leis an dara sraith den FMS go dtí Meitheamh 2021. Mar thoradh air seo, tosóidh an triú sraith den FMS, a bhí le tosú Meán Fómhair 2020, i Meán Fómhair 2021.

Ciallaíonn sé seo nach mbeidh aon iarratas nua FMS ann do scoileanna ná d'aonaid oideachais sa scoilbhliain 2020/21.

Sa scoilbhliain 2020/21 beidh solúbthacht ann do scoileanna agus d'aonaid oideachais:

- Próiseas na FMS a úsáid chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thiocfaidh chun tosaigh le hathoscailt na scoileanna faoi threoir na seirbhíse sláinte poiblí. Ar na dúshláin sin, seans go mbeidh, mar shampla, gnéithe a bhaineann le heagrú ghnáthchlár an lae do scoileanna agus d'aonaid, folláine na ndaltaí agus na múinteoirí, athruithe (más gá) don churaclam agus don mheasúnú agus athruithe sa teagasc, sa bhfoghlaim agus sna cleachtais mheasúnaithe

AGUS/NÓ

- Obair ar na gnéithe den teagasc agus den bhfoghlaim a bhí roghnaithe acu mar fhócas don bhféinmheastóireacht don tréimhse 2016-2020 a chríochnú.

De réir mar a bhaineann scoileanna agus aonaid oideachais úsáid as próiseas na FMS chun eochairghníomhaíochtaí atá ábharach dá gcomhthéacs féin a aithint, b'fhéidir go measfaidh siad tairbheach é, breis spriocanna/gníomhaíochtaí a chur leis an tuairisc FMS agus le plean feabhsúchán na scoile/an aonaid atá acu. Mar is gnách, cé nach é an taifead fócas na FMS i rith 2020/21, ba chóir cinntí tábhachtacha a thaifead i slí atá bríoch do chomhthionól na scoile.

3. Obair threorach, thaighde agus mheastóireacht na Cigireachta sa scoilbhliain 2020/21

Athróidh an Chigireacht a clár oibre chun tacú le scoileanna, le haonaid oideachais agus leis an gcóras oideachais de réir mar a athosclaítear na scoileanna. Coimeádfar sainghníomhaíochtaí obair na Cigireachta faoi athbhreithniú agus déanfar iad a athrú chun teacht le comhairle na sláinte poiblí agus leis na cúinsí sláinte a bheidh ann ag an am.

Treoir agus Taighde

Beidh príomhfhócas obair na Cigireachta sa chéad théarma den scoilbhliain 2020/21 ar threoir a thabhairt do scoileanna agus d'aonaid oideachais. Tríd an obair seo, tacóidh na cigirí le cinnirí scoile, le comhordaitheoirí, le múinteoirí, le boird bainistíochta agus le comhthionóil scoileanna agus aonad, soláthar éifeachtach a chur ar fáil don bhfoghlaim agus do dhul chun cinn gach duine óg trí díriú go láidir ar riachtanais fhoghlaimoirí soghonta.

Beidh an Chigireacht gafa, freisin, le hobair thaighde agus déanfar iarracht eiseamláirí de chleachtas éifeachtacha a aithint agus a scaipeadh – scoileanna agus aonaid a raibh rath ar a n-iarrachtaí agus aghaidh á tabhairt acu ar riachtanais fhoghlaimoirí ar cuireadh isteach ar a gcuid scolaíochta agus a raibh dúshlán churaclaim agus fadhbanna eile le sárú acu nuair a athosclaíodh na scoileanna. Déanfaidh an taighde seo iarracht tuairimí mhúinteoirí, chinnirí scoile, chomhordaitheoirí, thuismitheoirí agus fhoghlaimoirí a bhailiú agus a úsáid chun dea-chleachtas a threorú ar fud an chórais scoile.

Tabharfaidh an Chigireacht treoir agus tacaíocht do scoileanna agus d'aonaid oideachais freisin, de réir mar is cuí, i dtaca le cur i bhfeidhm comhairle na sláinte poiblí maidir le sláinte, sábháilteacht, agus folláine chomhthionóil na scoile agus an aonaid i gcomhthéacs threoracha an Roinn Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna agus údarais ábharacha eile, maidir le timpeallacht shlán shábháilte foghlama agus oibre a chruthú do gach duine.

Déanfar obair threorach agus thaighde na Cigireachta trí cuairteanna scoile agus aonaid nó trí obair ar líne de réir chomhairle na seirbhíse sláinte.

Tabharfar deis do scoileanna agus d'aonaid oideachais freisin, bheith rannpháirteach i seisiúin chomhairle faoi threoir na Cigireachta. Cé gurb iad an príomhoide scoile, an comhordaitheoir nó an bhainistíocht shinsearach a roghnóidh, de réir sainchomhthéacs gach scoil, fócas plé na seisiún, d'fhéadfadh go mbeadh san áireamh topaicí ar nós conas tacú le folláine chomhthionóil na scoile/an aonaid, láidreachtaí sa teagasc agus sa bhfoghlaim i dtimpeallacht foghlama cumaisc a aithint, nó riachtanais reatha na bhfoghlaimoirí a mheas agus soláthar a dhéanamh dóibh. Is féidir cur isteach ar na seisiúin seo trí ríomhphost a sheoladh chuig info@schoolself-evaluation.ie.

Meastóireacht

I rith chéad théarma na scoilbhliana 2020/21 beidh fócas na Cigireachta ag díriú ar chomhairle, ar thacaíocht agus ar thaighde mar atá luaite thuas. Ní bheidh meastóireacht i gceist ach i gcás líon beag cigireachtaí atá práinneach: cigireachtaí a tosaíodh roimh 12 Márta 2020 a chríochnú; roinnt cigireachtaí i dtaca le Cumhdach agus Sábháilteacht leanaí; roinnt cigireachtaí leanúnacha práinneacha agus líon beag cigireachtaí riachtanacha eile san áireamh.

Forbairt Bhreise

Ta sé pleanáilte go leanfaidh an obair threorach, thaighde agus mheastóireachta ar aghaidh i rith an dara agus an tríú téarma den scoilbhliain 2020/21 agus tá sé ar

intinn ag an gCigireacht chomh maith, an gnáthchlár cigireachta a ath-thosú ar bhonn cúramach, teoranta i rith na tréimhse seo.

4. Próiseas foilsithe tuairiscí meastóireachta a rinneadh sa bhliain 2019/20 a chríochnú

Nuair a dúnadh na scoileanna agus na haonaid oideachais ar an 12 Márta 2020, bhí roinnt tuairiscí cigireachta á gcur le chéile le cur chuig scoileanna agus aonaid le haghaidh deimhniú fíricí nó freagra scoile sula ndéanfaí iad a chur i gcóir le haghaidh foilsithe ar shuíomh gréasán na Roinne. De bhrí nach raibh fáil ag boird bainistíochta ná foirne scoile ar fhoirgnimh na scoileanna ó 12 Márta 2020, níor eisíodh aon cheann de na tuairiscí sin do na scoileanna/aonaid. Ceadaíodh do phríomhoidí, do chomhordaitheoirí agus do mhúinteoirí le déanaí dul chuig na foirgnimh scoile/aonaid ach tá a fhios ag an gCigireacht go bhfuil iarrta ar fhoirne na scoileanna agus na n-aonad oideachais na socrúithe difriúla meastóireachta agus tuairisceoireachta don Teastas Sóisearach a chur i gcrích agus chun na gráid ríofa a sholáthar don Roinn i dtaca le scoláirí ardteistiméireachta. De bharr na bhfreagrachtaí seo atá ag múinteoirí agus ag bainistíocht scoileanna/aonad chinn an Chigireacht gan tuairiscí cigireachta a eisiúint le haghaidh dearbhú fíricí ná aisfhreagra ó scoileanna/aonaid ag an am seo. Eiseofar na tuairiscí seo chuig scoileanna/aonaid ag tús na scoilbhliana nua.

Foilseofar tuairiscí, a bhí réidh le foilsiú i Mí Márta 2020, go luath ar shuíomh na Roinne.

Oifig an Phríomhchigire

oci@education.gov.ie